Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**10211/1/25**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0197 (NLE)**

**ECOFIN 778**
**FIN 669**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 372 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2866/98 a mhéid a bhaineann leis an ráta comhshó chuig an euro don Bhulgáir |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, COM(2025) 372 final/2.

Leis an athbhreithniú, baintear an mharcáil 'LIMITE'.

Faoi iamh:: COM(2025) 372 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.6.2025
COM(2025) 372 final/2
DOWNGRADED ON 9.7.2025

2025/0197 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2866/98 a mhéid a bhaineann leis an ráta comhshó chuig an euro don Bhulgáir**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

An 4 Meitheamh 2025, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 140(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'). Thángthas ar an gconclúid sa togra go gcomhlíonann an Bhulgáir na coinníollacha is gá chun an euro a ghlacadh agus gur cheart maolú na Bulgáire a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2026.

Má chinntear an maolú a aisghairm, beidh ar an gComhairle an ráta comhshó idir an euro agus lev na Bulgáire a ghlacadh ina dhiaidh sin, agus beidh feidhm aige sin ón 1 Eanáir 2026.

Le Rialachán (CE) Uimh. 2866/98 ón gComhairle maidir leis na rátaí comhshó idir an euro agus airgeadraí na mBallstát a bhfuil an euro á ghlacadh acu ([1]), socraítear na rátaí comhshó neamh-inchúlghairthe le haghaidh na 20 Ballstát atá rannpháirteach sa euro faoi láthair (an Bheilg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, Éire, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an tSlóvaic agus an Fhionlainn). Chun raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú chun lev na Bulgáire a chumhdach, ní mór tagairt don airgeadra sin a chur leis an Rialachán seo. Is é sin is cuspóir don togra seo.

## 2. TORTHAÍ NA gCOMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNÚ TIONCHAIR

Is sa Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais (CEA), i gComhairle an Aontais (ECOFIN) agus sa Ghrúpa Euro a dhéantar plé go tráthrialta leis na Ballstáit faoi ábhair a bhaineann leis an mbeartas eacnamaíoch sna Ballstáit. Áirítear leo sin plé neamhfhoirmiúil ar shaincheisteanna a bhaineann go sonrach leis an ullmhúchán le haghaidh dul isteach ionchasach tíre sa limistéar euro (lena n-áirítear beartais ráta malairte).

Déantar measúnú ar fhorbairtí eacnamaíocha sa limistéar euro agus sna Ballstáit trí bhíthin na nósanna imeachta éagsúla um chomhordú agus faireachas an bheartais eacnamaíoch (faoi Airteagal 121 de CFAE go sonrach), agus trí fhaireachán agus anailís thráthrialta an Choimisiúin ar fhorbairtí tírshonracha agus ar fhorbairtí ar fud an limistéir (lena n-áirítear réamhaisnéisí, sraitheanna foilseachán tráthrialta, agus ionchuir chuig CEA, ECOFIN agus an Grúpa Euro). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus i gcomhréir leis an gcleachtas roimhe seo, níl gá le measúnú tionchair foirmiúil.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

### 3.1. An bunús dlí

Is é Airteagal 140(3) CFAE bunús dlí an togra seo, ar dá réir a ghlacann an Chomhairle an ráta comhshó ag a gcuirtear an euro in ionad airgeadra an Bhallstáit a ghlacann an euro.

([1]) IO L 359, 31.12.1998, lch. 1.

Gníomhaíonn an Chomhairle le haontoilíocht na mBallstát arb é an euro an t-airgeadra atá acu agus le haontoilíocht an Bhallstáit lena mbaineann, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis di dul i gcomhairle le BCE.

### 3.2. Coimhdeacht agus comhréireacht

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

Ní théann an togra thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóir a ghnóthú agus comhlíonann sé, dá bhrí sin, prionsabal na comhréireachta.

### 3.3. An rogha ionstraime dlí

Is é rialachán an ionstraim dlí iomchuí chun leasú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 2866/98 ón gComhairle maidir leis na rátaí comhshó idir an euro agus airgeadraí na mBallstát a bhfuil an euro á ghlacadh acu.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht ag an togra maidir le buiséad an Aontais.

## 5. BARÚLACHA MAIDIR LE hAIRTEAGAIL AONAIR

### 5.1. Airteagal 1

Is é an ráta atá beartaithe ráta lárnach reatha lev na Bulgáire sa sásra ráta malairte (ERM II).

I gcás na n-airgeadraí eile, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1103/97 ón gComhairle maidir le forálacha áirithe a bhaineann leis an euro a thabhairt isteach ([2]), cinntear an ráta ag sé fhigiúr shuntasacha.

### 5.2. Airteagal 2

Sonraítear san airteagal seo go dtiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm an 1 Eanáir 2026, rud a áirithíonn go mbeidh sé comhsheasmhach le huainiú gníomhartha eile ón gComhairle a bhaineann le glacadh an euro ag an mBulgáir, lena n-áirítear an dáta a aisghairfear an maolú agus dáta theacht i bhfeidhm na mbeart eile is gá chun an euro a thabhairt isteach sa Bhulgáir.

---

([2]) IO L 162, 19.6.1997, lch. 1.

2025/0197 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2866/98 a mhéid a bhaineann leis an ráta comhshó chuig an euro don Bhulgáir

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 140(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach [(3)),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 2866/98 ón gComhairle [(4)), cinntear na rátaí comhshó idir an euro agus airgeadraí na mBallstát a bhfuil an euro á ghlacadh acu ón 1 Eanáir 1999 amach.

(2) De réir Airteagal 5 d'Ionstraim Aontachais 2005 [(5)], tá an Bhulgáir rannpháirteach san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta ó dháta an aontachais mar Bhallstát a bhfuil maolú aige, de réir bhrí Airteagal 139(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(3) De bhun Chinneadh (AE) 2025/[...] ón gComhairle [(6)) maidir le glacadh an euro ag an mBulgáir an 1 Eanáir 2026, comhlíonann an Bhulgáir na coinníollacha is gá chun an euro a ghlacadh agus aisghairtear maolú na Bulgáire le héifeacht ón 1 Eanáir 2026.

(4) Chun an euro a thabhairt isteach sa Bhulgáir, ní mór an ráta comhshó idir an euro agus lev na Bulgáire a ghlacadh. Ba cheart an ráta comhshó sin a shocrú ag 1,95583 lev in aghaidh 1 euro, ráta a chomhfhreagraíonn do ráta lárnach reatha an lev sa sásra ráta malairte (ERM II).

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 2866/98 a leasú dá réir,

---

(3) Tuairim ó [….] […] […].

(4) Rialachán (CE) Uimh. 2866/98 ón gComhairle an 31 Nollaig 1998 maidir leis na rátaí comhshó idir an euro agus airgeadraí na mBallstát a bhfuil an euro á ghlacadh acu (IO L 359, 31.12.1998, lch. 1).

(5) Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na Bulgáire agus na Rómáine agus oiriúnuithe na gconarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe (IO L 157, 21.6.2005, lch. 203).

(6) Cinneadh (AE) 2025/[…] ón gComhairle an [……] maidir le glacadh an euro ag an mBulgáir an 1 Eanáir 2026.

.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 2866/98, cuirtear isteach an líne seo a leanas idir na rátaí comhshó is infheidhme maidir le franc na Beilge agus marc na Gearmáine:

'= 1,95583 lev na Bulgáire'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*